Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11133/26**

**ECOFIN 923**
**UEM 327**
**SOC 452**
**EMPL 254**
**COMPET 867**
**ENV 843**
**EDUC 309**
**ENER 465**
**JAI 903**
**GENDER 140**
**JEUN 183**
**SAN 541**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Polainne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 221 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Polainne**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

---

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin go bhfuil an Pholainn ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[2] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha Bhallstáit an Aontais comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

[2] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt i gcónaí i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[3]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 don Pholainn. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an bPolainn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ó 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an bPolainn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Polainne ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

3 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Polainne[4]. Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar 4 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 6,3 % in 2025, 4,4 % in 2026, 4,0 % in 2027 agus 3,5 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 19,6 % in 2025, 24,9 % in 2026, 29,9 % in 2027 agus 34,4 % in 2028. Maidir leis na blianta 2025-2028, beidh uasrátaí fáis sin an ghlanchaiteachais ag teacht leis an gconair cheartaitheach, mar a mhol an Chomhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE an 21 Eanáir 2025, d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh[5]. Ar bhonn mheasúnú an Choimisiúin ar ghníomhaíocht éifeachtach an 3 Meitheamh 2026[6], tá an nós imeachta um easnamh iomarcach don Pholainn ar stad.

---

4 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Polainne (IO C, C/2025/642, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/642/oj).

5 Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Pholainn, a glacadh an 21 Eanáir 2025. Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann le nós imeachta na Polainne um easnamh iomarcach ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-governance-framework/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/Poland_en.

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

(7) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[7] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón bPolainn, an 8 Iúil 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Pholainn imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais[8]. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Pholainn in ann tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas níos airde go marthanach ar an gcosaint.

(8) An 30 Aibreán 2026, chuir an Pholainn Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn[9] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Polainne i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241. Tá an tuarascáil ar ghníomhaíocht a rinneadh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach comhtháite sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

---

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, 19 Márta 2025, C(2025) 2000 final.

8 Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Pholainn imeacht ón uasráta fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3971, 20 Lúnasa 2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3971/oj).

9 Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

(9) In 2025, ba é 3,6 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 3,3 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 3,5 % in 2026 agus faoi 2,8 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,6 % ann in 2026 agus 2,9 % in 2027.

(10) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[10], tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Polainne ó easnamh 6,4 % de OTI in 2024 go heasnamh 7,3 % de OTI in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an easnamh in 2025 caiteachas níos airde ar sheachadtaí trealaimh mhíleata, ar phá na hearnála poiblí agus ar shochair shóisialta. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 6,5 % de OTI in 2026 agus 6,3 % de OTI in 2027. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú in 2026 srianta ar chaiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta, go háirithe maidir le cúiteamh d'fhostaithe agus infheistíocht, agus bearta lánroghnacha nua lena méadaítear ioncam. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2027 na bearta lánroghnacha ioncaim a glacadh.

(11) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[11], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 1,3 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh sí forleathnach, faoi 0,3 % de OTI, in 2026 agus go mbeidh sí crapthach, faoi 1,7 % de OTI, in 2027.

---

10 Táscairí Eurostat-Euro, 22 04 2026.

11 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

(12) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[12], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Polainne ó 54,8 % de OTI ag deireadh 2024 go 59,7 % de OTI ag deireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2025 easnaimh arda agus coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic lena méadaítear fiachas a bhaineann le hinfheistíochtaí cosanta. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 64,5 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 68,3 % faoi dheireadh 2027. Den chuid is mó, léiríonn an méadú in 2026 agus 2027 easnaimh arda agus coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic.

(13) Ar bhonn sonraí ó Eurostat[13], 3,4 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Polainne ar chosaint in 2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag an leibhéal céanna in 2026. Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 1,8 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain tagartha 2021[14].

(14) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an bPolainn chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[15]. Áirítear orthu sin laghduithe neamh-spriocdhírithe ar dhleachtanna máil agus CBL ar bhreoslaí atá i bhfeidhm go dtí an 15 Bealtaine 2026, ó scoithdháta Réamhaisnéis Earraigh 2026 an Choimisiúin[16]. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é thart ar 0,1 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach na mbeart sin in 2026. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá leanfadh na bearta sin de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2026, is é 0,4 % de OTI a bheadh sa chostas fioscach a bhaineann leo sa bhliain sin.

12 Táscairí Eurostat-Euro, 22 04 2026.
13 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).
14 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.
15 Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).
16 Tar éis scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, cuireadh síneadh leis an laghdú ar dhleachtanna máil go dtí an 15 Meitheamh 2026 agus cuireadh síneadh leis an laghdú CBL go dtí an 30 Meitheamh 2026.

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas sa Pholainn faoi 8,5 % in 2025 agus is fás carnach 22,9 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,9 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholadh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,2 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Mar sin féin, tá an diall réamh-mheasta laistigh de sholúbthacht an chlásail éalaithe náisiúnta, agus an méadú ar an gcaiteachas cosanta á chur san áireamh.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Pholainn faoi 4,0 % in 2026, agus gur fás carnach 27,9 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 faoi bhun an uasráta fáis a moladh. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholadh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,0 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Mar sin féin, tá an diall réamh-mheasta laistigh de sholúbthacht an chlásail éalaithe náisiúnta bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha maidir le caiteachas cosanta.

(17) Tá fás tapa tagtha ar chaiteachas poiblí le blianta beaga anuas, arna spreagadh ag an iliomad tosaíochtaí beartais, lena n-áirítear caiteachas méadaithe ar chosaint agus ar bheartas sóisialta. In 2025, bhain sé 50,9 % de OTI amach, ráta atá os cionn mheán an Aontais de 49,5 % de OTI. Is dúshlán í éifeachtúlacht an airgeadais phoiblí fós toisc nach ndírítear ar shochair shóisialta den chuid is mó agus nach ndéantar tástáil acmhainne orthu ar leibhéal an teaghlaigh, rud a fhágann go bhfuil córas leasa shóisialta ann a bhfuil cumhacht athdháilte theoranta aige. Bhí tionchar teoranta ag athbhreithnithe caiteachais a rinneadh ó bhí 2024 ann ó thaobh ath-leithdháiltí caiteachais de.

(18) Chomh maith le caiteachas a chuíchóiriú, tá gá le foinsí ioncaim chun an t-airgeadas poiblí a athchothromú agus chun an fiachas poiblí a choinneáil inbhuanaithe. Tá ioncam cánach mar chéatadán de OTI fós go mór faoi bhun chomhiomlán an Aontais, d’ainneoin méadú de réir a chéile a tugadh faoi deara in 2024 agus 2025. Saintréith de mheascán cánach na Polainne is ea spleáchas réasúnta íseal ar chánachas saothair, agus ioncam ó cháin ioncaim phearsanta go mór faoi bhun mheán an Aontais, agus tá tomhaltas agus cánacha caipitil ina sciar níos airde den ioncam iomlán. D’fhéadfaí an bonn cánach a leathnú chun foinsí nua a chur san áireamh gan bac a chur ar an bhfás eacnamaíoch. Chun ioncam breise a shlógadh, tá gá le hiarrachtaí níos láidre freisin chun comhlíonadh cánach a fheabhsú. Cé gur laghdaigh an bhearna chomhlíontachta sa cháin bhreisluacha (CBL), tá sí fós substaintiúil. Meastar freisin go bhfuil bearna ard chomhlíontachta ann sa cháin chorparáide.

(19) Tá treocht laghdaitheach le feiceáil i leordhóthanacht na sochar pinsin. Tháinig laghdú ar an gcóimheas sochair - an cóimheas idir an meánphinsean agus an meánphá - ó 66 % in 2005 go 55 % in 2024. De réir na meastachán i dTuarascáil 2024 maidir le hAosú, dá gcuirfí teorainn leis an laghdú breise ar an gcóimheas sochair a réamh-mheastar le beartas gan athrú, thiocfadh méadú 2,5 pointe céatadáin de OTI ar chaiteachas pinsin faoi 2045. Chuirfeadh sé sin inbhuanaitheacht chóras na bpinsean i mbaol. Meastar go bhfaighidh leath na bpinsinéirí sochar scoir faoi 2040 a bheidh cothrom leis an íosmhéid reachtúil. Bheadh sé sin fíor den chuid is mó i gcás na mban - léiríonn a rannpháirtíocht íseal sa mhargadh saothair (48,3 % i gcomparáid le 59,4 % san Aontas, idir 55-64 bliana d’aois) a n-aois scoir reachtúil níos ísle. Ina theannta sin, na daoine féinfhostaithe a íocann na ranníocaíochtaí íosta pinsin agus iad siúd atá ar chonarthaí dlí shibhialta a chumhdaíonn an phréimh phinsin faoin tairseach íosta, tá siad i mbaol bochtaineachta pinsin freisin. Saintréith eile de chuid chóras na bpinsean is ea ilroinnt ard ina bhfuil córais speisialta chostasacha le haghaidh gairmeacha áirithe. Tá KRUS, an córas pinsin speisialta is mó, tiomnaithe d’fheirmeoirí, ar os cionn 10 % de phinsinéirí uile na Polainne iad, agus tugtar fóirdheontas mór dó ó bhuiséad an stáit (thart ar 0,7 % de OTI in 2025). Ní chomhfhreagraíonn na ranníocaíochtaí sóisialta ó fheirmeoirí mórscála dá leibhéil ioncaim, rud a dhéanann difear do leordhóthanacht na bpinsean. Ina theannta sin, leis na rialacha lena rialaítear teidlíochtaí pinsin in KRUS agus ríomh aistrithe caipitil pinsin chuig córas ginearálta na bpinsean, ní thugtar dreasacht d’fheirmeoirí, go háirithe iad siúd a bhfuil tréimhsí ranníocachta suntasacha acu in KRUS, aistriú chuig an scéim ghinearálta. I gcás gairmeacha eile, amhail na seirbhísí faoi éide nó breithiúna agus ionchúisitheoirí, faigheann siad pinsin gan ranníocaíochtaí a íoc, agus dá bhrí sin, bíonn siad ag brath go hiomlán ar fhóirdheontais ó bhuiséad an stáit.

(20) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(21) Sa Pholainn, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, rud a chuimsíonn tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC), is luas é atá chun tosaigh ar mheánluas cur chun feidhme an Aontais, i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú an tráth céanna. Tá an Pholainn ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur ghá an cur chun feidhme a neartú a thuilleadh maidir le roinnt réimsí, lena n-áirítear na réimsí a bhaineann le díchúpláil breoslaí iontaise agus an t-aistriú cóir. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Pholainn ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[17], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a imscaradh go tapa agus go héifeachtach.

(22) Tá roinnt dúshlán roimh an bPolainn a bhaineann le simpliú, taighde agus nuálaíocht, fuinneamh, bainistiú aeráide agus uisce, scileanna agus oideachas, cuimsiú grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus deighilt mhargadh an tsaothair, agus tithíocht.

[17] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(23) Cé go bhfuil creat rialála atá fabhrach don iomaíocht i gcoitinne ag an bPolainn, tá roinnt dúshlán fós le sárú aici a mhéid a bhaineann le castacht reachtach agus maidir le creat institiúideach éifeachtach a áirithiú. Measann 71 % de ghnólachtaí go bhfuil rialacháin ghnó ina mbacainn ar a gcuideachta agus infheistíocht á déanamh acu sa Pholainn[18] agus go bhfuil na costais a bhíonn ar chuideachtaí, go háirithe FBManna, chun córais saothair agus chánach a chomhlíonadh réasúnta ard. De réir Shuirbhé Infheistíochta BEI, tháinig laghdú suntasach ar sciar na ngnólachtaí sa Pholainn a leithdháileann níos mó ná 10 % dá bhfoireann chun déileáil le ceanglais rialála (ó 25 % in 2024 go 19 % in 2025) ach tá sé fós i bhfad os cionn mheán 11 % an Aontais. Thairis sin, tá rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta sa phróiseas reachtach fós teoranta, agus tuairiscíonn páirtithe leasmhara easnaimh leanúnacha i bhfeidhmiú na Comhairle um Idirphlé Sóisialta. Tá an córas soláthair phoiblí fós thíos leis an líon íseal cuideachtaí a chuireann tairiscintí isteach, chomh maith le nósanna imeachta fada casta. Trí dhigitiú an phróisis soláthair phoiblí agus pleanáil a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear pleananna soláthair fadtéarmacha a chur in iúl, d’fhéadfaí cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin. Déanann bacainní rialála agus riaracháin difear do thrádáil earraí agus seirbhísí laistigh de LEE, agus cruthaíonn rialacha náisiúnta maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ualaí comhlíontachta.

[18] Suirbhé Infheistíochta BEI 2025:Forbhreathnú ar an bPolainn

(24) D'ainneoin na mblianta d'fhás láidir eacnamaíoch agus de chaighdeáin mhaireachtála fheabhsaithe, tá éagothromaíochtaí forbartha móra fós le sárú ag an bPolainn idir a réigiúin agus laistigh díobh, lena n-áirítear idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe. Tá Oirthear na Polainne fós faoi mhíbhuntáiste ar leith, agus OTI per capita ag 61,3 % de mheán an Aontais in 2024, agus tá an réigiún sin rangaithe i measc na réigiún is boichte san Aontas. Tá staid na réigiún ar theorainn sheachtrach thoir an Aontais níos measa fós mar gheall ar an gcogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin, rud a mhéadaíonn ábhair imní slándála, éiginnteacht eacnamaíoch agus a laghdaíonn tarraingteacht na réigiún sin d'infheisteoirí agus do chónaitheoirí araon. Tá go leor ceantar, go háirithe iad siúd lasmuigh de lárionaid uirbeacha, thíos le hacmhainneacht riaracháin neamhleor agus rochtain mhíchothrom ar sheirbhísí poiblí bunriachtanacha, lena n-áirítear oideachas, cúram sláinte, cúram leanaí agus iompar, rud a laghdaíonn a dtarraingteacht a thuilleadh. Tá teorainn leis an nuálaíocht i réigiúin an oirthir agus an iarthuaiscirt, lena n-áirítear infheistíocht nuálach, rud a chuireann srian ar a méadú táirgiúlachta agus ar infhaighteacht post ardcháilíochta.

(25) Tá fás eacnamaíoch agus iomaíochas na Polainne ag brath níos mó ná riamh ar a cumas leas a bhaint as acmhainneacht na heolaíochta agus na nuálaíochta. D'ainneoin méaduithe seasta ar chaiteachas gnó T&F, tá torthaí nuálaíochta na Polainne fós teoranta, agus níor bhain a feidhmíocht T&F ach 65,9 % de mheán an Aontais amach in 2025 – is feabhas 2,6 pointe céatadáin é sin i gcomparáid le 2024. Tá teorainn leis an gcomhar idir an eolaíocht agus an gnó, rud a laghdaíonn cumas na Polainne a taighde a thráchtálú. Méadaítear an tsaincheist sin mar gheall ar dhreasachtaí neamhleora do thaighdeoirí oibriú leis an tionscal, amhail luacháil neamhleor ar thorthaí tráchtálaithe sa mheastóireacht ar ghníomhaíocht eolaíoch. Beidh sé ríthábhachtach gairmeacha taighde a dhéanamh níos tarraingtí agus institiúidí eolaíocha a nuachóiriú a thuilleadh. Ní mór nuashonrú agus cuíchóiriú straitéisí um speisialtóireacht chliste a áireamh sna hiarrachtaí chun borradh a chur faoin nuálaíocht. I measc na bpríomhchéimeanna i dtreo éiceachóras nuálaíochta ardfheidhmíochta a bhaint amach, tá tuilleadh forbartha ar thimpeallacht a thacaíonn le haistriú teicneolaíochta agus cruthú agus méadú gnólachtaí nuathionscanta, lena n-áirithítear go mbeidh rochtain acu ar mhaoiniú cobhsaí iontaofa.

(26) D'ainneoin dul chun cinn maith atá déanta, tá dúshláin fós ann maidir le digiteáil seirbhísí poiblí agus a n-infhaighteacht do shaoránaigh agus gnólachtaí, rud atá fós faoi bhun mheán an Aontais, go háirithe do shaoránaigh, a bhfuil scór 71 ag an bPolainn i gcomparáid le meán an Aontais, is é sin 82. Leis na teorainneacha maidir le hidir-inoibritheacht, comhroinnt sonraí idir córais rialtais agus prionsabal na haonuaire i mbailiú sonraí, baintear an bonn d'eispéireas an úsáideora agus laghdaítear acmhainneacht dhigiteáil na seirbhísí poiblí an t-ualach riaracháin a laghdú, agus bhainfeadh earnálacha, amhail an ceartas, tairbhe as digiteáil bhreise chun éifeachtúlacht agus inrochtaineacht a fheabhsú. Níor bhain an Pholainn leas iomlán go fóill as malartú sonraí trasteorann, rud a d'fhág gur cailleadh deiseanna chun nósanna imeachta riaracháin a chuíchóiriú, go háirithe trí úsáid mhéadaithe a bhaint as formáidí sonraí struchtúrtha.

(27) Tá glacadh digiteach na Polainne i measc FBManna fós faoi bhun mheán an Aontais, rud a chuireann teorainn leis an táirgiúlacht agus leis an nuálaíocht. Cé go bhfuil méadú tagtha ar an sciar, níor bhain ach 59 % de FBManna na Polainne bunleibhéal déine digití amach in 2025 (i gcomparáid le meán 71,4 % an Aontais). Tá glacadh ardteicneolaíochtaí, amhail an intleacht shaorga, chun deiridh freisin, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar an bhfás amach anseo. Ba le leas na Polainne é spreagadh breise infheistíochta agus tacaíocht eolais speisialaithe maidir leis an digiteáil, glacadh ardteicneolaíochtaí agus uas-sciliú fostaithe a chur chun cinn, agus rannpháirtíocht i dtionscnaimh uile-Aontais.

(28) Le blianta beaga anuas, tá soláthar íseal tithíochta agus laghdú ar inacmhainneacht ina saintréithe de mhargadh tithíochta na Polainne. Tá praghsanna tithe agus cíosanna ag méadú go tapa ó bhí 2015 ann, go háirithe i gcathracha. Tá an infheistíocht sa tithíocht fós ar an infheistíocht is ísle san Aontas, tá dúshlán fós ag baint le cáilíocht agus dálaí tithíochta, agus tá rátaí arda plódaithe ann. Chun aghaidh a thabhairt air sin, tá gá le raon leathan beart, agus béim á leagan ar bheartais maidir le soláthar, lena n-áirítear feabhas a chur ar rialacháin an mhargaidh tithíochta chun soláthar tithíochta inacmhainne a mhéadú, chun feabhas a chur ar a cáilíocht, agus chun boilsciú praghsanna tithíochta a mhoilliú.

(29) Tá beartais tithíochta na Polainne ilroinnte. Tá cláir éagsúla scaipthe ar fud aireachtaí éagsúla a bhfuil tosaíochtaí iomaíocha acu, agus níl aon chomhlacht ann a chomhordaíonn an beartas tithíochta ar an leibhéal lárnach. Níl aon anailís láraithe ann ar riachtanais tithíochta ná ar an stoc atá ann cheana (lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil). Chun aghaidh a thabhairt air sin, bheadh ar an bPolainn comhordú beartais tithíochta a thabhairt isteach ar an leibhéal lárnach agus idir na húdaráis riaracháin lárnacha agus áitiúla, agus straitéis tithíochta fhadtéarmach a chruthú ina mbeadh bealach soiléir chun aghaidh a thabhairt ar inacmhainneacht agus infhaighteacht tithíochta atá ag laghdú, cáilíocht tithíochta a fheabhsú, agus uirlisí faireacháin a chur chun feidhme (in éineacht le sásra bailithe sonraí il-leibhéil lena ndírítear ar fhoirgnimh fholmha) chun stoc agus riachtanais shonracha na tithíochta áitiúla a shainaithint agus chun díriú orthu ar bhealach níos fearr.

(30) Tá rochtain íseal ar thithíocht shóisialta, tithíocht cathrach agus tithíocht inacmhainne sa Pholainn, agus tá bacainní sonracha roimh ghrúpaí leochaileacha (lena n-áirítear idirdhealú agus srianta inrochtaineachta). Cuireann an bhearna mhór tógála tithíochta leis an nganntanas tithíochta agus leis an rochtain theoranta ar thithíocht do ghrúpaí a bhfuil riachtanais shonracha acu. Chun an soláthar tithíochta a mhéadú, chun feabhas a chur ar a cáilíocht agus chun díriú níos fearr ar riachtanais grúpaí sonracha, bheadh ar an bPolainn a córas agus a cláir tithíochta sóisialta agus inacmhainne ar cíos a leathnú agus a nuachóiriú, le straitéis agus maoiniú cobhsaí fadtéarmach do chláir tithíochta cathrach, cláir a thabhairt isteach chun foirgnimh fholmha a athchóiriú agus a athshlánú ina dtithíocht, na Gníomhaireachtaí Cíosa Shóisialta a leathnú, agus réitigh atá bunaithe ar thithíocht a fhorbairt do ghrúpaí leochaileacha amhail daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine gan dídean.

(31) Bíonn tionchar diúltach ag rialacháin na Polainne a bhaineann leis na dlíthe tionóntachta agus tógála agus ag a gcur i bhfeidhm ar sholáthar tithíochta agus ar rochtain ar thithíocht inacmhainne. Tá cosaint dhlíthiúil agus cearta sa mhargadh cíosa neamhchothrom, toisc nach dtugann an reachtaíocht atá ann faoi láthair cosaint leordhóthanach agus chomhionann do chearta tiarnaí talún ná do chearta tionóntaí. Bíonn nósanna imeachta fada agus costasacha díshealbhaithe roimh thiarnaí talún fiú nuair a bhriseann tionóntaí a gcomhaontuithe tionóntachta, agus is féidir le héagobhsaíocht fhadtéarmach cíosa difear a dhéanamh do thionóntaí, toisc nach rialaítear méaduithe cíosa ar bhealach soiléir leis an dlí agus gur minic nach n-urramaítear tréimhsí fógra. Dá mbeadh cur chuige níos cothroime ann maidir le cearta tiarnaí talún agus slándáil tionóntaí agus dá bhfeabhsófaí forfheidhmiú na reachtaíochta atá ann cheana, d’éascófaí cíosanna cobhsaí fadtéarmacha. D’fhéadfaí feabhas a chur freisin ar nósanna imeachta rialála in earnáil na tógála chun tithíocht a thógáil ar bhealach níos tapúla agus níos saoire.

(32) Tá an Pholainn fós ar cheann den bheagán Ballstát a bhunaíonn an cháin mhaoine ar uasráta comhréidh an-íseal a leagtar amach go lárnach sa dlí, seachas ar luach maoine. Cruthaíonn sé sin córas cánach maoine cúlchéimnitheach agus cuireann sé leis an éileamh amhantrach ar infheistíochtaí, ós rud é go ngearrtar cáin i bhfad níos lú ar mhaoin ná sócmhainní airgeadais a bhfuil riosca níos mó ag baint leo amhail stoic, rud a mhéadaíonn boilsciú ar phraghsanna maoine. D’fhéadfaí aghaidh a thabhairt air sin trí leasú a dhéanamh ar an gcóras cánachais i dtreo cánachas luachbhunaithe talún nó maoin (trí cháin luacha talún nó cáin mhaoine chadastrach), rud a chuirfeadh feabhas ar a dhul chun cinn agus a thabharfadh aghaidh ar dhreasachtaí a chuireann le praghsanna tithíochta atá ag ardú go tapa agus le soláthar íseal mar gheall ar mhaoin nó talamh folamh nó tearcúsáidte.

(33) D'ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh le déanaí, tá scrogaill eangaí fós ag cur moill ar luas an aistrithe fuinnimh. In 2025, diúltaíodh d'iarrataí ar nascadh le haghaidh thart ar 42 GW d'acmhainneacht in-athnuaite. Tá sé sin os cionn na hacmhainneachta iomláine a suiteáladh i bhfoinsí in-athnuaite sa Pholainn. Chun aghaidh a thabhairt ar na scrogaill sin, tá sé d'aidhm ag an Oibreoir Córais Tarchurtha tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí i ngréasáin tarchurtha, tarchur thuaidh-theas chomh maith le conairí tiomnaithe d'acmhainneachtaí nua atá á bhforbairt faoi láthair (idir acmhainneachtaí amach ón gcósta agus acmhainneachtaí núicléacha), comhtháthú gréasán tarchurtha agus dáileacháin agus réitigh sholúbthachta. Tá gá le hiarracht bhreise chun feabhas a chur ar sholúbthacht chóras fuinnimh na Polainne, lena n-áirítear trí thrádáil leictreachais trasteorann, chun ciorrú foinsí fuinnimh in-athnuaite a sheachaint agus chun arduithe tobanna ar phraghsanna le linn buaicuaireanta a mhaolú. Tá leibhéal an idirnaisc trasteorann íseal faoi láthair, agus is é Harmony Link leis an Liotuáin an t-aon tionscadal atá ar siúl. Mar gheall ar shrianta ar leithdháileadh acmhainne, rinneadh praghsanna leictreachais na Polainne a dhíchúpláil go córasach ó mhargadh an Aontais agus tá siad ag cur le praghsanna níos airde anois. Cé go bhfuil laghdú áirithe ag teacht ar úsáid na srianta leithdháilte, is cúis imní í minicíocht ghníomhachtú na srianta leithdháilte toisc go mbíonn ciorrú foinsí fuinnimh in-athnuaite mar thoradh air ar deireadh.

(34) Mar gheall ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise costasacha chun leictreachas a ghiniúint agus mar gheall ar sholúbthacht agus idirnascacht theoranta neamhiontaise, bhí praghsanna mórdhíola leictreachais na Polainne ar an naoú ráta is airde san Aontas in 2025, rud a chuir teorainn le hinacmhainneacht fuinnimh. Tá srianta nach mbaineann leis an eangach roimh fhoinsí fuinnimh in-athnuaite breise a chur in úsáid freisin. I bpraghsanna miondíola, tá an t-ualach fioscach ar leictreachas atá díréireach ard (i gcomparáid le gás nádúrtha) ag baint an bhoinn den leictriú sa Pholainn, in earnálacha tionscail agus i dteaghlaigh araon. Íocann tomhaltóirí tionsclaíocha thart ar thrí oiread níos mó as leictreachas ná as gás, agus cánacha agus tobhaigh a bhíonn i gceist le haon trian dá mbille leictreachais. In earnáil an téimh, tá an t-ualach cánach ar leictreachas ag cur bac ar chur in úsáid teaschaidéal. Déantar earnáil mianadóireachta guail na Polainne a fhóirdheonú go mór agus ídíonn sí acmhainní buiséadacha a d'fhéadfaí a úsáid ar bhealach eile chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus chuig an aistriú tionsclaíoch, i measc nithe eile. Maidir le fóirdheontais breosla iontaise nach dtéann i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh ar bhealach spriocdhírithe agus nach dtugann aghaidh ar fhíorábhair imní maidir le slándáil fuinnimh agus aistriú cóir, d'fhéadfaí iad sin a mheas mar thosaíocht chun deireadh a chur leo de réir a chéile.

(35) Níl creat straitéiseach agus reachtach comhleanúnach ag an gclaochlú tionsclaíoch lena ndéanfaí dreasachtaí beartais, pleanáil bonneagair agus tacaíocht airgeadais a ailíniú le cuspóirí chun infheistíochtaí in earnálacha tosaíochta a chur chun cinn. Déantar príomh-idirghabhálacha dícharbónaithe – leictriú, úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh ar an láthair, glacadh hidrigine glaise agus gabháil, úsáid agus stóráil carbóin a chur in úsáid – a chur chun feidhme de réir a chéile seachas ar bhealach struchtúrach. Tá dúshláin mhóra eacnamaíocha agus shóisialta ag baint le deireadh a chur de réir a chéile le gual do na réigiúin atá fós ag brath ar thionscail mhianadóireachta agus ar thionscail atá dian ar astaíochtaí. Beidh cur chuige comhordaithe maidir le claochlú tionsclaíoch ríthábhachtach chun caillteanas iomaíochais a mhaolú, agus nuálaíocht agus fás á gcothú sna réigiúin sin an tráth céanna.

(36) Tá téamh ceantair agus téamh aonair araon fós ag brath ar ghual, agus tá dúshláin dícharbónaithe struchtúracha rompu. Ní sholáthraíonn foinsí in-athnuaite fuinnimh ach 21 % den fhuinneamh a úsáidtear le haghaidh téimh agus fuaraithe ar fud na n-earnálacha uile. Tá aistriú ó chomhghiniúint bunaithe ar ghual go comhghiniúint bunaithe ar ghás ar siúl in earnáil an téimh ceantair, ach tá comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite ag titim ar gcúl. Tá gual i gceist le 60 % den mheascán téimh ceantair i gcónaí, agus tá cur in úsáid córas atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus astaíochtaí ísle teoranta do thionscadail taispeántais agus do roinnt cathracha beaga. Tá dul chun cinn an dícharbónaithe ag brath ar éagsúlú luathaithe foinsí teasa agus ar nuachóiriú gréasán chomh maith le pleanáil chun leas a bhaint as acmhainneacht na húsáide dramhtheasa. Úsáideann thart ar 15 % de theaghlaigh na Polainne – an dearbhuimhir is airde san Aontas - gual go fóill le haghaidh téamh aonair, rud a fhágann freisin go bhfuil ceann de na leibhéil cáilíochta aeir is measa san Aontas aici. Meastar freisin go bhfuil sciar inchomparáide de theaghlaigh i mbaol bochtaineachta fuinnimh mar gheall ar chostais arda fuinnimh agus drochéifeachtúlacht foirgneamh. Tá iarrachtaí breise chun spleáchas ar ghual a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ríthábhachtach chun astaíochtaí agus truailliú aeir a laghdú. Téamh agus fuarú is cúis le 81 % de thomhaltas fuinnimh cónaithe.

(37) Tá dúshlán fós ag baint leis an aistriú i dtreo iompar inbhuanaithe sa Pholainn, agus tá méadú beagnach faoi dhó tagtha ar astaíochtaí ón iompar de bhóthar le 20 bliain anuas. Tá glacadh feithiclí leictreacha san iompar príobháideach agus lasta ag fás go mall mar gheall ar dhreasachtaí neamhleora, lena n-áirítear dreasachtaí fioscacha, agus bonneagar luchtaithe. Trí thacaíocht agus comhordú a dhéanamh ar fhorbairt iompair phoiblí agus idirmhódúil agus astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle, is féidir tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'iarrachtaí dícharbónaithe, agus nascacht níos fearr á cur chun cinn an tráth céanna, lena n-áirítear trí leanúint d'infheistíochtaí TEN-T a dhéanamh.

(38) Tá an Pholainn leochaileach i leith rioscaí arda triomaigh, tuilte, tonnta teasa agus teagmhas adhaimsire, rud a chuireann slándáil eacnamaíoch agus folláine daoine i mbaol. Tá straitéis náisiúnta nuashonraithe um an oiriúnú don athrú aeráide fós in easnamh ag an bPolainn, de réir an mheasúnaithe riosca is déanaí atá ar fáil. Tá obair fós ar siúl chun an straitéis a glacadh in 2013 a thabhairt cothrom le dáta, rud a chuireann bac ar rialachas éifeachtach, ar iarrachtaí oiriúnaithe a phleanáil agus ar chomhordú idir údaráis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a mhéid a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na géar-riachtanais a bhaineann le hathléimneacht agus ullmhacht in aghaidh an athraithe aeráide a neartú. Cuireann an t-athrú aeráide le rioscaí comhshaoil, agus tá acmhainní uisce agus éiceachórais an-leochaileach. Tá an Pholainn ag obair ar fhorbairt na Straitéise Náisiúnta um Oiriúnú leis an bPlean Náisiúnta um Oiriúnú, a mheastar a thabharfar chun críche in 2027. Is dúshlán criticiúil fós é an truailliú uisce gan staonadh ó ghníomhaíocht thionsclaíoch mar aon le teochtaí níos airde, rud a chuireann acmhainní fionnuisce i mbaol. Chun éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, tá gá le dreasachtaí níos láidre, lena n-áirítear dreasachtaí airgeadais agus i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é ‘údar an truaillithe a íocfaidh as’, chun truailliú a theorannú agus chun úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn. Is toisc iad acmhainní nádúrtha freisin sa mhaolú ar an athrú aeráide freisin, ach is dúshlán fós iad aistrithe carbóin sa Pholainn. Chuir an Pholainn a Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide nuashonraithe críochnaitheach faoi bhráid an Choimisiúin an 15 Meitheamh 2026 agus tá sé ar feitheamh go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú air.

(39) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an bPolainn in 2026, d’fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(40) Tá dúshlán fós ag baint le bunscileanna atá ag laghdú agus neamhionannais san oideachas atá ag méadú. Ó bhí 2018 ann, tá méadú níos mó ná meán an Aontais tagtha ar thearcghnóthachtáil i measc daoine 15 bliana d'aois ó thaobh bunscileanna de. Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ann maidir le torthaí oideachais agus rochtain ar oideachas araon. Tá dúshláin ag baint leis an oideachas cuimsitheach, agus tá líon ard daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i suíomhanna leithscartha. Chun aistriú daltaí faoi mhíchumas chuig an oideachas príomhshrutha a éascú, ba le leas na Polainne é straitéis oideachais chuimsitheach a fhorbairt, seirbhísí tacaíochta neartaithe, agus oiliúint spriocdhírithe múinteoirí. Dá bhforbrófaí cur chuige straitéiseach fadtéarmach maidir leis an oideachas cuimsitheach, d'éascófaí rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, cur chun feidhme beart cuimsitheach chomh maith leis an rochtain ar oideachas cuimsitheach a leathnú do gach dalta. Ina theannta sin, tá scileanna glasa agus digiteacha neamhleora fós ag gníomhú mar scrogaill don dá aistriú. Mar shampla, ní raibh bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag leath de dhaonra na Polainne idir 16 agus 74 bliana d'aois in 2025, atá faoi bhun mheán an Aontais. D'fhéadfadh an Pholainn tairbhe a bhaint as cur chuige níos iomlánaíche chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna i gcomhthéacs an dá aistriú agus, ar bhonn níos leithne, as faireachán agus meastóireacht níos dlúithe a dhéanamh ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí i scileanna ar gach leibhéal.

(41) Tá clárú íseal leanúnach agus sciar íseal céimithe i gcláir staidéir eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) fós le sárú ag an bPolainn, rud a chuireann teorainn le cumas nuálaíochta na tíre. Bheadh cur chuige níos comhtháite i leith oideachas ETIM (lena n-áirítear feasacht níos fearr ar ghairmeacha, meantóireacht, teagmháil a dhéanamh le grúpaí faoi mhíbhuntáiste) tairbheach freisin chun daltaí (go háirithe mná) a spreagadh chun gairmeacha ETIM a shaothrú.

(42) Is príomhdhúshlán i gcónaí é na scileanna riachtanacha a thabhairt do mhúinteoirí agus cáilíocht a n-oideachais a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar mheath na mbunscileanna. Tá ganntanas múinteoirí fós ann agus d'fhéadfadh sé dul in olcas de réir mar a leanann na dúshláin maidir le baill foirne nua a mhealladh agus a choinneáil ar aghaidh. Ina theannta sin, cuireann sciar íseal na múinteoirí meánscoile íochtaraí faoi bhun 30 bliain d'aois béim ar an ngá atá le conairí gairme níos tarraingtí do mhúinteoirí. Chun cur chun feidhme rathúil an athchóirithe ar an curaclam a éascú agus chun ionchais ghairme múinteoirí a fheabhsú, bheadh ar an bPolainn lucht saothair múinteoirí a bhfuil foireann leordhóthanach acu, nuachóiriú ar oideachas tosaigh múinteoirí agus infheistíocht leanúnach ina bhforbairt ghairmiúil a áirithiú (lena n-áirítear i gcomhthéacs an oideachais chuimsithigh).

(43) Tá ábhair imní fós ann maidir le héifeachtacht réasúnta íseal an chórais gairmoideachais agus gairmoiliúna, d'ainneoin rátaí arda rannpháirtíochta. Tá laghdú tagtha ar ráta fostaíochta céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna le déanaí agus tá sé fós faoi bhun mheán an Aontais. Le sainaithint na mbunchúiseanna atá le torthaí fostaíochta níos measa na gcéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, mar atá i dtéarmaí bunscileanna ísle, ábharthacht theoranta na gclár don mhargadh saothair agus mímheaitseáil scileanna, agus le plean gníomhaíochta tiomnaithe fianaisebhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna sin, d'fhéadfaí feabhas a chur ar chás na gcéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna. D'fhéadfaí é sin a chomhlánú le bearta chun cáilíocht an teagaisc a neartú (lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar ghanntanais múinteoirí agus ar bhearnaí oiliúna), curaclaim a ailíniú ar bhealach níos fearr le riachtanais mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear le haghaidh scileanna digiteacha agus glasa, agus chun comhordú le beartais maidir le foghlaim aosach a neartú. Tá rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach fós go mór faoi bhun mheán an Aontais, go háirithe san fhoghlaim sheachfhoirmiúil, agus níl ach dul chun cinn teoranta bainte amach go dtí seo. Ní raibh ach an cúigiú cuid den daonra fásta rannpháirteach san fhoghlaim in 2024, méid atá i bhfad faoi bhun mheán an Aontais agus sprioc 2030. Tá an córas foghlama aosaí fós ilroinnte mar gheall ar rialachas scaipthe ar fud aireachtaí agus gníomhaithe réigiúnacha, chomh maith le spleáchas láidir ar chistiú atá bunaithe ar thionscadail. Cuireann sé sin le comhleanúnachas teoranta an chórais. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an córas tairbhe a bhaint as comhordú agus cistiú níos láidre ar an leibhéal náisiúnta.

(44) Tá dúshláin fós ag baint le grúpaí faoi mhíbhuntáiste a imeascadh i margadh an tsaothair. Tá míchumas agus breoiteacht fós ina bpríomhchúiseanna leis an neamhghníomhaíocht: tháinig méadú breise ar an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas ó 33,9 pointe céatadáin in 2023 go 35,6 pointe céatadáin in 2024. Tá rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa lucht saothair díreach os cionn 50 %. Tá dul chun cinn déanta maidir le rochtain ar sheirbhísí cúraim leanaí a rialáil agus a fheabhsú, le tacaíocht ó chistí CSE+ agus STA den chuid is mó, ach déanann éagothromaíochtaí réigiúnacha difear do rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair fós. Ní bhaintear úsáid leordhóthanach as scileanna oibrithe tríú tír i margadh an tsaothair. In 2023, d'oibrigh beagnach gach dara náisiúnach tríú tír faoi bhun a leibhéil cáilíochta, d'ainneoin a rannpháirtíochta airde i margadh an tsaothair. Tá deis ann leanúint de na hiarrachtaí maidir le héifeachtacht na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta a mhéadú chun tacaíocht níos spriocdhírithe a chur ar fáil ar mhaithe le cabhrú le grúpaí faoi mhíbhuntáiste a imeascadh i margadh an tsaothair.

(45) Tá méadú tagtha ar chion na gconarthaí dlí shibhialta san fhostaíocht iomlán. Ina theannta sin, tá sciar mór den fhostaíocht iomlán i gceist le daoine féinfhostaithe nach bhfostaíonn baill foirne, rud a sháraíonn meán an Aontais. Ní chumhdaítear an dá ghrúpa go hiomlán le cosaint shóisialta, toisc go bhfuil árachas breoiteachta deonach. Tá forálacha dlíthiúla ann lena gceadaítear do dhaoine féinfhostaithe préimheanna slándála sóisialta laghdaithe a bheith acu, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar shochair amach anseo, lena n-áirítear pinsin. Is é an toradh a bhíonn air sin eadráin chánach (cánacha agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta) thar chineálacha éagsúla conarthaí, agus méadaíonn an ding chánach de réir mar a mhéadaíonn an t-ioncam. Léirítear sna sonraí is déanaí (2023) go raibh an ráta cómhargála ar an ráta is ísle san Aontas agus gur mhinice a úsáideadh é ar leibhéal na cuideachta ná ar leibhéal na hearnála, rud a laghdaigh seasamh caibidlíochta na n-oibrithe agus na ndaoine féinfhostaithe ar an iomlán. Is é is aidhm do na hathchóirithe a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear Gníomh 2025 maidir le Comhaontuithe Comhchoiteanna, úsáid na cómhargála a leathnú agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú. Mar sin féin, tá tionchar na n-athchóirithe sin fós le feiceáil.

(46) Níl seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ullmhaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha atá ag dul i méid. Tá an caiteachas poiblí ar chúram fadtéarmach fós íseal agus leithdháiltear é den chuid is mó ar chúram cónaithe (i bhfad os cionn mheán an Aontais), ach tá cláir atá dírithe ar chúram baile nó ar chúram pobalbhunaithe a fhorbairt fós tearcmhaoinithe nó ag brath go mór ar chistiú ón Aontas. Mar thoradh air sin, bíonn costais arda neamh-in-aisíoctha le híoc ag daoine atá i ngátar agus bíonn spleáchas ard ar chúram neamhfhoirmiúil le haghaidh seirbhísí baile. Ba le leas na Polainne é feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh agus ar an rochtain orthu, go háirithe cúram baile agus cúram pobalbhunaithe, lena n-áirítear trí mhaoiniú gaolmhar agus a inbhuanaitheacht a mhéadú.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an bPolainn in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Leanúint de chloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach, agus úsáid á baint as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta arna ghníomhachtú ag an gComhairle. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur beart sealadach a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus gur beart é atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Leanúint d'fheabhas a chur ar éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí, lena n-áirítear trí shochair shóisialta a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr agus trí chumhdach na n-athbhreithnithe caiteachais a leathnú. Ioncam an rialtais ghinearálta a leathnú, lena n-áirítear trí ról na bhfoinsí a mhéadú, ar foinsí iad nach ndéanann an oiread céanna dochair don fhás, agus trí fheabhas a chur ar chomhlíonadh cánach. Feabhas a chur ar leordhóthanacht chóras na bpinsean, agus an inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chaomhnú an tráth céanna tríd an aois scoir iarbhír a mhéadú, trí aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht pinsin na mban agus na ndaoine féinfhostaithe agus trí na scéimeanna pinsin speisialta a athchóiriú.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe lena dtógtar, i gcásanna inarbh iomchuí, ar an ath-leithdháileadh chuig tosaíochtaí straitéiseacha agus chuig na solúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe. Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uathúla shocheacnamaíocha, slándála agus ullmhachta sibhialta a dhéanann difear go háirithe do réigiúin ar theorainn sheachtrach thoir an Aontais, lena n-áirítear an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar dé-úsáide.

3. Rialáil a shimpliú, uirlisí rialála a fheabhsú agus a áirithiú go bhfuil an creat dlíthiúil cobhsaí agus soiléir. Iomaíocht a spreagadh i bpróisis soláthair phoiblí, rud a fhágfaidh go mbeidh na próisis sin níos éifeachtúla agus nach mbeidh siad chomh hanásta céanna, agus pleanáil fhadtéarmach an tsoláthair phoiblí a áirithiú. Naisc idir an eolaíocht agus an gnó a neartú trí dhreasachtaí níos láidre a chruthú chun taighde a thráchtálú agus trí phíblíne éifeachtúil tionscadal atá réidh don infheistíocht a thógáil. An córas taighde poiblí a nuachóiriú, gairmeacha taighde a dhéanamh níos tarraingtí agus cistiú inbhuanaithe T&N a áirithiú. An timpeallacht ghnó a dhéanamh níos fabhraí don nuálaíocht, lena n-áirítear do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá i mbun fáis. Éagothromaíochtaí críochacha, lena n-áirítear idir ceantair uirbeacha agus thuaithe, a laghdú go háirithe trí rochtain níos fearr ar sheirbhísí poiblí agus ar bhonneagar poiblí agus trí cháilíocht níos fearr na seirbhísí agus an bhonneagair sin, agus sa taighde agus sa nuálaíocht. Acmhainneacht riaracháin a fhorbairt agus éifeachtúlacht a fheabhsú trí idir-inoibritheacht ríomhsheirbhísí agus prionsabal na haonuaire maidir le bailiú sonraí le haghaidh na digiteála a ghiaráil. Déine dhigiteach FBManna a mhéadú, agus tús áite a thabhairt an tráth céanna do thacaíocht d'ardteicneolaíochtaí. Soláthar agus cáilíocht tithíochta inacmhainne agus sóisialta a mhéadú trí chomhordú agus straitéisí éifeachtúla maidir le beartas tithíochta, trí chláir leathnaithe tithíochta inacmhainne agus sóisialta, trí rialacháin fheabhsaithe, agus trí chánachas maoine athbhreithnithe.

4. Borradh a chur faoi sholúbthacht agus acmhainneacht eangaí an chórais fuinnimh, idirnaisc thrasteorann agus trádáil leictreachais a mhéadú, agus deireadh a chur le srianta ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite breise a chur in úsáid. Comharthaí cothroma maidir le praghas an leictreachais a chur chun cinn chun leictriú a dhreasú agus deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise, go háirithe iad siúd a bhaineann le mianadóireacht ghuail. Claochlú tionsclaíoch glan a chumasú agus straitéisí aistrithe atá dírithe ar an nuálaíocht a chothú le haghaidh réigiúin atá spleách ar ghual. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise in earnáil an téimh a laghdú mar aon le nuachóiriú teirmeach foirgneamh. Dícharbónú an iompair de bhóthar a chur chun cinn mar aon leis an mbonneagar cumasúcháin agus an tsoghluaisteacht idirmhódúil. Athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt trí rialachas oiriúnaithe feidhmiúil, athchóiriú éiceachórais agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha.

5. Oideachas cuimsitheach ardcháilíochta a chothú agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna. Dlús a chur le rannpháirtíocht i réimsí ETIM san ardoideachas agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais múinteoirí agus ar cháilíocht oideachais múinteoirí. Éifeachtacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a neartú a thuilleadh. Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim a éascú agus a mhéadú. Rannpháirtíocht grúpaí faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair a mhéadú, go háirithe i gcás daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí thacaíocht shaincheaptha do mhargadh an tsaothair a chur ar fáil. Deighilt mhargadh an tsaothair a laghdú i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta trí aghaidh a thabhairt ar arbatráiste cánach idir cineálacha conarthaí agus rochtain ar chosaint shóisialta a fheabhsú. Rochtain ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh agus cáilíocht na seirbhísí sin a mhéadú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*